Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 14 Meitheamh 2021**
**(OR. en)**

**10537/1/20**
**REV 1 ADD 1**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2018/0138(COD)**

**TRANS 375**
**CODEC 768**
**PARLNAT 159**

**RÁITEAS AR CHÚISEANNA NA COMHAIRLE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | Seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh d'fhonn go nglacfar TOGRA le hAGHAIDH TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le bearta cuíchóirithe chun dul chun cinn a dhéanamh maidir leis an ngréasán tras-Eorpach iompair (TEN-T) a chur i gcrích<br>– Ráiteas ar chúiseanna na Comhairle<br>– Arna ghlacadh ag an gComhairle an 14 Meitheamh 2021 |

## I. RÉAMHRÁ

1. An 17 Bealtaine 2018, chuir an Coimisiún an togra thuasluaite faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle, mar chuid den tríú pacáiste 'An Eoraip ag Gluaiseacht' arb é is aidhm dó soghluaisteacht san Eoraip a dhéanamh níos sábháilte, níos glaine, níos éifeachtúla agus níos inrochtana. Is é cuspóir an togra na rialacha lena ndeonaítear ceadanna a shimpliú, agus é mar aidhm leis sin díriú ar thabhairt i gcrích an Ghréasáin tras-Eorpaigh Iompair (TEN-T) a éascú.

2. I bParlaimint na hEorpa, is é an Coiste um Iompar agus um Thurasóireacht (TRAN) a ainmníodh mar phríomhchoiste le haghaidh an chomhaid seo agus Dominique Riquet (ALDE, FR) a ainmníodh mar rapóirtéir. Vótáil an Pharlaimint ar an tuarascáil agus ghlac sí a seasamh ar an gcéad léamh an 13 Feabhra 2019.

3. Ghlac Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa tuairim an 17 Deireadh Fómhair 2018.

4. Ghlac Coiste na Réigiún tuairim an 7 Feabhra 2019.

5. Sa Chomhairle, ag eascairt as an bplé a rinneadh sa Mheitheal um Iompar – Ceisteanna Idirmhódúla agus Gréasáin idir Meitheamh 2018 agus Samhain 2019, thángthas ar chur chuige ginearálta maidir leis an togra ag cruinniú na Comhairle an 2 Nollaig 2019.

6. Dá éis sin, tionóladh trí cinn de chruinnithe tríthaobhacha, an 3 Feabhra, an 18 Bealtaine agus an 8 Meitheamh 2020, agus thángthas ar chomhaontú sealadach foriomlán idir an Chomhairle agus Parlaimint na hEorpa i gcomhréir leis an sainordú a d'athnuaigh Coreper an 3 Meitheamh 2020. An 17 Meitheamh 2020, dhaingnigh Coiste na mBuanionadaithe an téacs comhréitigh críochnaitheach mar a comhaontaíodh ag an gcruinniú tríthaobhach an 8 Meitheamh 2020 é.

7. Vótáil coiste TRAN Pharlaimint na hEorpa ar son an téacs comhréitigh shealadaigh chéanna an 14 Iúil 2020. Ina dhiaidh sin, chuir Cathaoirleach Choiste TRAN litir dar dáta an 16 Iúil 2020 chuig Cathaoirleach Choiste na mBuanionadaithe á rá gurbh amhlaidh, dá nglacfadh an Chomhairle a seasamh ar an gcéad léamh i gcomhréir leis an gcomhaontú sealadach foriomlán comhaontaithe, go molfadh sí don seisiún iomlánach an seasamh ón gComhairle a ghlacadh gan aon leasú ar an dara léamh sa Pharlaimint, faoi réir dearbhú dlítheangeolaíoch.

## II. CUSPÓIR

8. Is é cuspóir foriomlán na Treorach na rialacha lena ndeonaítear ceadanna a shimpliú, agus é mar aidhm leis sin díriú ar thabhairt i gcrích an Ghréasáin tras-Eorpaigh Iompair (TEN-T) a éascú. Tá sé mar aidhm leis freisin cur le soiléireacht na bpróiseas is gá do thionscnóirí tionscadail a leanúint, go háirithe maidir le deonú ceadanna, soláthar poiblí agus nósanna imeachta eile.

## III. ANAILÍS AR AN SEASAMH ÓN gCOMHAIRLE AR AN gCÉAD LÉAMH

### Comhthéacs an nós imeachta

9. Ar bhonn an togra ón gCoimisiún, rinne an Pharlaimint agus an Chomhairle caibidlíocht agus é mar aidhm acu teacht ar chomhaontú luath ar an dara léamh ar bhonn an tseasaimh ón gComhairle ar an gcéad léamh. Is léiriú é téacs an dréachtseasaimh ón gComhairle ar an gcomhréiteach ar thángthas air idir an dá chomhreachtóir.

### Achoimre ar na príomhshaincheisteanna

10. Tá na príomhghnéithe seo a leanas sa seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh, ar tháinig na comhreachtóirí ar chomhaontú ina leith:

11. Cineál dlíthiúil an togra: Chomhaontaigh na comhreachtóirí nádúr dlíthiúil an togra a athrú ó ‘Rialachán’ go ‘Treoir’. Fágann an t-athrú sin gur féidir leis na Ballstáit nósanna imeachta deonaithe ceadanna a chur i gcrích agus tugann sé deis dóibh leas a bhaint as na nósanna imeachta deonaithe ceadanna atá ann cheana.

12. Raon feidhme: Foráiltear leis an seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh go n-áireofar san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Treoir, d’fhonn soiléireacht agus deimhneacht dhlíthiúil a áirithiú, liosta na dtionscadal, ina bhfuil liosta na nasc trasteorann agus na nasc atá in easnamh agus atá comhionann leis an liosta i Roinn 1 de Chuid III den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán maidir leis an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa. Ina theannta sin, clúdóidh an raon feidhme tionscadail eile ar chonairí an chroíghréasáin ar mó ná EUR 300 milliún a gcostas.

13. An t-údarás ainmnithe: Sainítear leis an seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh ról agus freagracht an údaráis ainmnithe a bheidh mar phríomhphointe teagmhála ag tionscnóir an tionscadail agus a thabharfaidh treoir freisin maidir leis na doiciméid agus an fhaisnéis ábhartha uile a chur isteach, má iarrtar sin. Bunaítear leis an bhforáil sin freisin tráthchlár chun an t-údarás sin a ainmniú, a shocraítear ag 24 mhí tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach. Is é is aidhm do na hathruithe atá san Airteagal sin leibhéal leordhóthanach solúbthachta a ráthú do na Ballstáit le haghaidh chur chun feidhme na forála sin.

14. Fad tréimhse an nós imeachta um dheonú ceadanna: Chomhaontaigh na comhreachtóirí go socrófaí ag 4 bliana an teorainn ama fhoriomlán le haghaidh an nós imeachta deonaithe ceadanna. Ina theannta sin, féadfar dhá shíneadh ar an teorainn ama sin a dheonú, i gcásanna a bhfuil údar cuí leo. Is é is aidhm do na hathruithe a tugadh isteach i seasamh na Comhairle lamháil leordhóthanach solúbthachta a áirithiú a mhéid a bhaineann leis an tráthchlár chun an nós imeachta deonaithe ceadanna a thabhairt chun críche, go háirithe i bhfianaise chastacht agus éagsúlacht na dtionscadal iompair a thagann faoi raon feidhme na Treorach.

15. An nós imeachta um dheonú ceadanna a eagrú: I seasamh na Comhairle ar an gcéad léamh, rinneadh céimeanna éagsúla an nós imeachta deonaithe ceadanna a chumasc in aon chéim amháin, rud a d’fhág go ndearnadh rudaí a shimpliú go mór. Ag an am céanna, leis an bhforáil sin, cuirtear ar chumas na mBallstát céimeanna éagsúla a bhunú laistigh den tréimhse 4 bliana i gcomhréir lena ndlí náisiúnta.

16. Trasuí: Mar thoradh ar an athrú ar fhoirm dhlíthiúil an togra, tá na comhreachtóirí tar éis aontú go mbeidh tréimhse thrasuí a socraíodh ag 24 mhí ann tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach.

## IV. CONCLÚID

17. Leis an seasamh ón gComhairle cuirtear i dtreis príomhchuspóir an togra ón gCoimisiún agus déantar an comhréiteach ar thángthas air sa chaibidlíocht neamhfhoirmiúil idir an Chomhairle agus Parlaimint na hEorpa, le tacaíocht ón gCoimisiún, a léiriú go hiomlán leis.

18. Creideann an Chomhairle, dá bhrí sin, gur léiriú cothrom ar thoradh na caibidlíochta é a seasamh ar an gcéad léamh agus go gcuirfidh an Treoir, ach a nglacfar í, go mór le simpliú na rialacha deonaithe ceadanna, rud a mbeidh sé mar thoradh air go n-éascófar tabhairt i gcrích an Ghréasáin Thras-Eorpaigh Iompair (TEN-T).